Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2014(INI)

26.05.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

don Choiste um Fhorbairt agus don Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia

maidir le cur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i bhfianaise Fhóram Polaitiúil Ardleibhéil 2025
(2025/2014(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Fhorbairt agus don Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas :

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint dá rún an 24 Meitheamh 2021 ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe san Aontas, faoi chuimsiú shláinte na mban[1a],

[1a] ***IO C 81, 18.2.2022, lch. 43.***

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint dá rún an 11 Aibreán 2024 maidir leis an gceart chun ginmhillte a áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais[1a]**,**

[1a] ***IO C, C/2025/1279, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1279/oj.***

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 3 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Threochlár AE um Chearta na mBan ón gCoimisiún,

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chomhdháil Idirnáisiúnta 1994 maidir le Daonra agus Forbairt a tionóladh i gCaireo, dá clár gníomhaíochta agus do thorthaí a comhdhálacha athbhreithnithe,

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Dhearbhú agus Ardán Gníomhaíochta Bhéising 2015 agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 6 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil ó Equal Measures 2030 dar teideal Findings from the 2024 SDG Gender Index – A gender equal future in crisis? [Torthaí ó Innéacs Inscne SFI 2024 – Comhionannas Inscne sa Todhchaí i mbaol?],

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	– ag féachaint do thuarascáil chomhpháirteach 2024 ó Mhná na Náisiún Aontaithe, ó Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe, ó Chiste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA), ó UNICEF agus ón gClár Domhanda Bia dar teideal Are we getting there? A synthesis of the UN evaluations of SDG 5 [An bhfuil dul chun cinn á dhéanamh againn? Sintéis de mheastóireachtaí na Náisiún Aontaithe ar SFI 5],

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 8 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Threoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta ó 2015 chun Iascach Inbhuanaithe ar Mionscála a áirithiú i gcomhthéacs na Slándála Bia agus Dhíothú na Bochtaineachta, lena n-áirítear Caibidil 8 de ar an gcomhionannas inscne agus ar an gcothromas,

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 31 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don mholadh uaidh an 19 Nollaig 2024 chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh don 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan[1a],
	[1a] ***IO C, C/2025/1971, 11.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1971/oj***

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 55 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún ó mhí an Mhárta 2024 dar teideal 'An naoú tuarascáil ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach',

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 55 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne dar teideal Gender Equality Reports 2023 – Towards a green transition in transport and energy [Tuarascálacha 2023 ar Chomhionannas Inscne – I dtreo aistriú glas san iompar agus san fhuinneamh],

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ba. de bhrí, de réir Innéacs Domhanda na Síochána 2024, go bhfuil laghdú 0.56 % tagtha ar mheánleibhéal na síochána domhanda, arbh é sin an cúigiú bliain i ndiaidh a chéile den mheath é; de bhrí, i bhfianaise na treochta sin, gur cheart SFI 16 a áireamh i mion-athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an tsíocháin agus roimh an tslándáil ar fud an domhain, ar dúshláin iad atá ag dul i méid.

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Bb. de bhrí go bhfuil leitheadúlacht mhéadaitheach na gáinneála ar dhaoine fós ina bagairt chriticiúil ar an tsíocháin agus ar an tslándáil dhomhanda. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach sásraí idirnáisiúnta comhair agus forfheidhmithe faoi SFI 16 a neartú chun líonraí gáinneála a chomhrac, íospartaigh a chosaint, agus cearta an duine a chaomhnú;

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
C. de bhrí go bhfuil bearna infheistíochta bhliantúil USD 4 thrilliún ann faoi láthair i leith SFInna; de bhrí go bhfuil leibhéil arda fiachais tíortha ísealioncaim agus meánioncaim ina mbacainn ar na hinfheistíochtaí is gá chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach;	C. de bhrí go bhfuil bearna infheistíochta bhliantúil USD 4 thrilliún ann faoi láthair i leith SFInna; de bhrí go bhfuil leibhéil arda fiachais tíortha ísealioncaim agus meánioncaim, arna n-éascú ag cláir roinnt institiúidí airgeadais, ina mbacainn ar na hinfheistíochtaí is gá chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach; ***de bhrí go bhfuil sé sin nasctha freisin le rátaí bochtaineachta atá ag ardú; de bhrí go ndéanann an bhochtaineacht, géarchéimeanna daonnúla, an t-athrú aeráide, coinbhleachtaí, antoisceachas, sceimhlitheoireacht, cogaí agus ganntanais bhia difear díréireach do mhná agus do chailíní ar fud an domhain; de bhrí go bhfágann sé sin go bhfuil leanaí níos leochailí freisin; de bhrí go bhfuiltear ag dréim leis go dtiocfaidh méadú ar an mbearna bochtaineachta idir na hinscní faoi 2030***

ós rud é gurb iad na mná fós a bheidh i bhformhór na ndaoine a bheidh ag maireachtáil i bhfíorbhochtaineacht ar domhan;

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	C a. de bhrí go bhfuil an easpa maoinithe don chomhionannas inscne ina bacainn mhór ar thorthaí comhionannais inscne a bhaint amach; de bhrí go bhfuil comhionannas inscne ríthábhachtach chun gealltanais na hinbhuanaitheachta, an rathúnais, an cheartais shóisialta, na síochána agus an dul chun cinn dhaonna a chomhlíonadh; de bhrí go bhfuil gealltanais fhónta agus leanúnacha airgeadais agus próisis bhuiséadaithe neartaithe bunriachtanach chun tacú le cur chun feidhme reachtaíochta, beartas agus seirbhísí a fhreagraíonn do chúrsaí inscne chun comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud spriocanna uile SFI 5[1a];

[1a] ***Equal Measures 2030 Findings from the 2024 SDG Gender Index – A gender equal future in crisis? [Torthaí ó Innéacs Inscne SFI 2024 – Comhionannas Inscne sa Todhchaí i mbaol?], https://equalmeasures2030.org/wp-content/uploads/2024/09/EM2030_2024_SDG_Gender_Index_EN_digital.pdf.***

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	C b. de bhrí gur sárú ar chearta an duine é an foréigean in aghaidh na mban

	d'aon chineál (foréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch, eacnamaíoch nó cibearfhoréigean), gur cineál tromchúiseach idirdhealaithe in aghaidh na mban é agus go bhfuil sé ar cheann de na constaicí is mó atá sa bhealach ar chomhionannas inscne a bhaint amach; de bhrí go bhfuil an foréigean inscnebhunaithe fréamhaithe i ndáileadh éagothrom na cumhachta idir na hinscní, sna struchtúir phatrarcacha agus sna steiréitíopaí inscne, rud as ar tháinig an forlámhas agus an t-idirdhealú a dhéanann fir ar mhná, agus go bhféadfadh sé a bheith éagsúil ó thaobh cuma, déine agus cineáil de; de bhrí go bhfuil sé riachtanach go mbeadh sochaí atá go hiomlán saor ó fhoréigean inscnebhunaithe ann sular féidir comhionannas inscne a bhaint amach;

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
1. á athdhearbhú go bhfuil sí meáite ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile a bhaint amach go tráthúil agus ina n-iomláine;	1. á athdhearbhú go bhfuil sí meáite ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile a bhaint amach go tráthúil agus ina n-iomláine, ar fud na mBallstát uile agus ar fud an domhain trí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh;

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(a) á chur i bhfios go láidir go ndearna an tAontas Eorpach dul chun cinn measartha maidir le SFI 1 ach go bhfuil mná fós i mbaol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta;

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(b) á chur in iúl gur cúis bhuartha di SFI 2 san Aontas Eorpach, ós rud é gur comhartha míchothaithe é an ráta murtaill atá ag dul i méid i measc na mban agus na leanaí;

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(c) á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di staid na mban san Aontas Eorpach i ndáil le SFI 7 toisc gur dóchúla go mbeidh mná i mbaol bochtaineachta fuinnimh mar gheall ar ioncaim níos ísle; Ní raibh 9.8 % de mhná ná 8.7 % d'fhir in ann a dtithe a théamh go leordhóthanach in 2022, rud a chuaigh in olcas mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh; ag cur in iúl gur díol sásaimh di an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fuinneamh inacmhainne[1a]; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí dlús a chur leis an bpróiseas chun rochtain phras ar fhuinneamh inacmhainne a áirithiú;
	[1a] An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa (COM(2025)0079).

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(d) á chur i bhfios go láidir go bhfuil SFI 11 fós gan baint amach san Aontas ós rud é gur dóchúla go mbeidh mná thíos le díothacht tithíochta (4.6 % vs. 4.0 % i gcás na bhfear in 2022) agus go mbraitheann siad níos mó ar iompar poiblí, réimse ina bhfuil imní fós ann maidir le sábháilteacht;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an comhphobal domhanda go mór chun deiridh i ndáil le Clár Oibre 2030 a thabhairt chun fíoraithe agus na spriocanna i leith na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach;	2. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an comhphobal domhanda go mór chun deiridh i ndáil le Clár Oibre 2030 a thabhairt chun fíoraithe agus na spriocanna i leith na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus go bhfuil an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe áirithe tar éis dul ar gcúl; ***á thabhairt chun suntais na difríochtaí idir tíortha agus réigiúin agus laistigh díobh maidir le saincheisteanna éagsúla, amhail neamhionannais inscne;*** á chur in iúl gur oth léi tarraingt siar an chistithe ó Ghníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorbairt Idirnáisiúnta (USAID) agus ag aithint an tionchair thubaistigh ar aidhm an phobail dhomhanda spriocanna SFI a bhaint amach, go háirithe SFI 5;

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

2 a. á iarraidh ar an Aontas Eorpach a ghealltanas a chomhlíonadh maidir le príomhshruthú inscne agus dearcadh trasnach a chur i bhfeidhm maidir le beartais agus cistiú uile an Aontais Eorpaigh; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil 44 % de na sonraí is gá chun SFI 5 a rianú fós ag tíortha ar fud an domhain agus go bhfuil sonraí maidir le sprioc SFI 5 amháin ar a laghad in easnamh ag os cionn 80 % de na tíortha[1a]; ***á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá oifigí staidrimh náisiúnta a neartú agus a gcomhordú agus a gcomhar domhanda a fheabhsú, agus ceapadh beartas eolasach a áirithiú agus na bearnaí sonraí inscne atá fós ann a dhúnadh;***

[1a] ***Equal Measures 2030 Findings from the 2024 SDG Gender Index – A gender equal future in crisis? [Torthaí ó Innéacs Inscne SFI 2024 – Comhionannas Inscne sa Todhchaí i mbaol?], https://equalmeasures2030.org/wp-content/uploads/2024/09/EM2030_2024_SDG_Gender_Index_EN_digital.pdf.***

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2 b. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sonraí chun go bhféadfar faireachán a dhéanamh ar na SFInna, á chur i bhfios go láidir go bhfuil bearnaí criticiúla fós ann in ainneoin méaduithe inmholta ar shonraí, chomh maith lena n-oscailteacht, inrochtaineacht agus úsáid éifeachtach; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá ról na n-oifigí staidrimh náisiúnta agus an gá atá le comhpháirtíochtaí a neartú, atá ríthábhachtach chun sonraí níos cuimsithí a bhaint amach, amhail sonraí atá dídheighilte ó thaobh inscne

de;

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le comhar idirnáisiúnta agus gníomhaíocht chlaochlaitheach chinntitheach a bheith á ndéanamh chun go mbeifear in inmhe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach inár sochaithe agus inár ngeilleagair agus in inmhe aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim phláinéadach thriarach;	3. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le comhar idirnáisiúnta, gníomhaíocht chlaochlaitheach chinntitheach agus méadú ar chaiteachas ar chúnamh forbartha domhanda chun go mbeifear in inmhe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach inár sochaithe agus inár ngeilleagair agus in inmhe aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim phláinéadach thriarach: an t-athrú aeráide, an truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta;

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
4. á thabhairt chun suntais go bhfuil ceannaireacht an Aontais i gcur chun feidhme domhanda na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ríthábhachtach i gcónaí, go háirithe mar gheall ar an iliomad dúshlán geopholaitiúil agus géarchéimeanna atá ann;	4. á thabhairt chun suntais go bhfuil ceannaireacht an Aontais i gcur chun feidhme domhanda na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ríthábhachtach i gcónaí, go háirithe mar gheall ar an iliomad dúshlán geopholaitiúil agus géarchéimeanna atá ann, lena n-áirítear cur i gcoinne méadaitheach i leith SFInna agus an fhrithfhreagairt i gcoinne an chomhionannais inscne agus an chreata idirnáisiúnta um chearta an duine a bhfuil sé mar aidhm leis grúpaí i staideanna leochaileacha nó imeallaithe ar fud an domhain a chosaint, lena n-áirítear mná, cailíní agus daoine LADTIA+;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4a. ag aithint na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Aontas Eorpach agus an dul chun cinn suntasach atá déanta aige, go háirithe maidir le SFI 8 a chur chun cinn, agus ag aithint ag an am céanna gur gá tuilleadh feabhsuithe maidir le SFI 5 a bhaint amach;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4 b. á chur i bhfios go láidir gur cheart don Aontas Eorpach tosaíocht a thabhairt do bheartais a thacaíonn le mná, cailíní agus teaghlaigh, lena n-áirithítear go meastar go bhfuil a bhfolláine eacnamaíoch agus shóisialta ríthábhachtach chun SFInna a bhaint amach amhail laghdú na bochtaineachta, oideachas ar ardchaighdeán agus comhionannas inscne;

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
5. á chur in iúl gur oth léi gur beag dul chun cinn atá á dhéanamh i leith bhunáite spriocanna SFI 3, nó gur dul chun cinn measartha atá á dhéanamh ina leith, agus gur dul chun cinn mall atá á dhéanamh i leith príomhréimsí iomadúla ó bhí 2015 ann; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil níos lú ná 10 % de spriocanna SFI 3 ar shéala a bheith bainte amach agus gur dócha go mbainfear amach	5. á chur in iúl gur oth léi gur beag dul chun cinn atá á dhéanamh i leith bhunáite spriocanna SFI 3, nó gur dul chun cinn measartha atá á dhéanamh ina leith, agus gur dul chun cinn mall atá á dhéanamh i leith príomhréimsí iomadúla ó bhí 2015 ann; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil níos lú ná 10 % de spriocanna SFI 3 ar shéala a bheith bainte amach agus gur dócha go mbainfear amach

níos lú ná aon trian díobh faoi 2030;	níos lú ná aon trian díobh faoi 2030; ***á mheabhrú go bhfuil neamhionannais mhóra inscne san Aontas Eorpach agus nach bhfuil ach dul chun cinn an-teoranta déanta ó 2010 i leith maidir le haghaidh a thabhairt ar na neamhionannais sin;***

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	5 a. á chur in iúl gur cúis bhuartha di marthanacht an chleachtais faoina ndéantar ciorrú ball giniúna ban agus ag cur a mórbhróin in iúl do na híospartaigh; á thabhairt chun suntais go ndearna UNICEF athbhreithniú i mí an Mhárta 2024 ar líon na n-íospartach go breis agus 230 milliún, arb ionann é agus méadú 15 % (thart ar 30 milliún eile) ó 2016, in ainneoin an titim a chonacthas i roinnt tíortha;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	5b. ag aithint go gcuirfidh na ciorruithe a rinneadh ar chistiú USAID le déanaí bac breise ar dhul chun cinn SFI 3, rud a mbeidh tionchar aige go háirithe ar rochtain na mban agus na gcailíní ar sheirbhísí cúraim sláinte atáirgthe agus máithreacha;

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. á chur i bhfáth go bhfuil baol ann go ndéanfaidh géarchéimeanna iomadúla agus idirnasctha, bonneagar cúraim sláinte lag, éagobhsaíocht eacnamaíoch, bochtaineacht, éagothromaíochtaí leanúnacha, go háirithe i measc pobail agus réigiúin leochaileacha, agus acmhainní atá á dteorannú i rith an ama, an bonn a bhaint tuilleadh ón dul chun cinn i leith spriocanna SFI 3;	6. á chur i bhfáth go bhfuil baol ann go ndéanfaidh géarchéimeanna iomadúla, idirnasctha agus méadaitheacha, amhail bonneagar cúraim sláinte lag, éagobhsaíocht eacnamaíoch, teannas geopolaitiúil atá ag méadú, bochtaineacht agus neamhionannais leanúnacha, lena n-áirítear neamhionannais inscne, go háirithe i measc pobail agus réigiúin leochaileacha, chomh maith le hacmhainní atá á dteorannú i rith an ama easpa taighde leighis atá inscne-íogair, an bonn a bhaint tuilleadh ón dul chun cinn i leith spriocanna SFI 3;

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 a. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, tarraingt siar SAM ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus reo iomlán a gCúnaimh Oifigiúil Forbraíochta (COF); á chur i bhfios go láidir, i bhfianaise an róil atá ag USAID maidir leis an tsláinte dhomhanda a neartú, go mbeidh tionchar ollmhór aige sin ar shaol daoine agus ar rochtain ar sheirbhísí sláinte ar fud an domhain, lena n-áirítear do na milliúin ban agus cailíní; á thabhairt chun suntais, thairis sin, go mbíonn tionchar ar leith ag athbhunú riail an ghobáin dhomhanda ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fágtha ag SAM, lena n-áirítear trí dhlús a chur le rannchuidiú an Aontais Eorpaigh le príomhthionscnaimh le haghaidh SRHR amhail Comhpháirtíocht Soláthairtí UNFPA agus Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le SRHR san Afraic Fho-

Shahárach;

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 b. á chur in iúl gur oth léi rolladh siar domhanda na cabhrach um fhorbairt, a dhéanann difear go príomha do rochtain ar chúram sláinte sna réigiúin is boichte agus do na daoine is imeallaithe, amhail mná agus cailíní; á mheas go bhféadfadh riosca sláinte a bheith ann do dhaonra an domhain mar gheall ar thitim as a chéile córas leochaileach cúraim sláinte; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chinntitheach ar fud na mBallstát agus mar chuid de bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo sprioc 2030 maidir le mortlaíocht máithreacha a laghdú agus rochtain uilíoch ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe a áirithiú, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le pleanáil clainne agus ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, cúram sláinte máthartha agus cumhdach sláinte uilíoch a bhaint amach, lena n-áirítear rochtain ar chógais bhunriachtanacha atá sábháilte, éifeachtach, ardcháilíochta agus inacmhainne do chách; á iarraidh ar an Aontas Eorpach, mar thosaíocht, rochtain a áirithiú ar an modh frithghiniúna sábháilte agus éifeachtach dá rogha féin agus ar sheirbhísí ginmhillte sábháilte agus dlíthiúla ar fud na mBallstát;

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

6 d. á iarraidh ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit tosaíocht a thabhairt do rochtain ar oideachas cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh atá fianaise-bhunaithe agus oiriúnach ó thaobh aoise de a áirithiú do bhuachaillí agus do chailíní agus d'fhaisnéis maidir le pleanáil clainne i bhfianaise na 164 mhilliún bean a mheastar nach bhfuiltear ag freastal orthu sa réimse sin[1a], agus ag an am céanna rannchuidiú leis na hiarrachtaí sin trí bheartais sheachtracha;

[1a] ***Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe, World Family Planning 2022 [Pleanáil Clainne ar fud an Domhain 2022], https://www.un.org/development/desa/pd/sites/www.un.org.development.desa.pd/files/files/documents/2023/Feb/undesa_pd_2022_world-family-planning.pdf***

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	***6 e. á iarraidh ar an Aontas Eorpach na pleananna a áirítear sa straitéis mheabhairshláinte a chomhlíonadh agus gníomhaíochtaí níos cinntithí a chur chun feidhme chun riochtaí maithe meabhairshláinte a áirithiú do chách, go háirithe agus gné na hinscne agus an chaoi a ndéanann a meabhairshláinte difear níos tromchúisí do mhná agus do dhaoine LADTIA+ á gcur san áireamh;**

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	6 f. á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach SRHR a bhaint amach go hiomlán agus neamhspleáchas coirp na mban agus na gcailíní a chaomhnú chun comhionannas inscne a bhaint amach; á thabhairt chun suntais gur dlúthchuid de chlúdach sláinte uilíoch iad SRHR agus go bhfuil siad ríthábhachtach chun SFI 3, go háirithe sprioc 3.7, a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar SRHR i dtionscnaimh agus i gcláir an Aontais Eorpaigh maidir le clúdach sláinte uilíoch;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 g ***ag tabhairt rabhaidh nach mbainfear amach spriocanna a leagtar síos le SFInna 3 agus 5 mura ráthaítear rochtain uilíoch ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar chearta atáirgthe san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain; á mheabhrú gur gné bhunúsach de chúram sláinte gnéis agus atáirgthe iad rochtain ar sheirbhísí riachtanacha sláinte agus ar chógais riachtanacha, ar an modh frithghiniúna sábháilte agus éifeachtach dá rogha féin agus ar sheirbhísí ginmhillte dhlíthiúil;***

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 h. á mheabhrú go bhféadfadh impleachtaí suntasacha fisiciúla, mothúchánacha agus airgeadais a bheith ag toirchis neamhbheartaithe do dhaoine aonair agus do theaghlaigh, agus go bhféadfadh siad dochar suntasach a

	dhéanamh do mhionaoisigh i gcásanna toirchis i measc ógánach; á chur i bhfios go láidir gur cúram tarrthála é cúram dlíthiúil ginmhillte le linn breith anabaí agus éigeandálaí cnáimhseacha eile atá bagrach don bheatha agus gur féidir le rochtain dhlíthiúil agus éifeachtach ar ghinmhilleadh sábháilte cabhrú le haghaidh a thabhairt ar aimhréidheanna móra agus toirchis ardriosca a sheachaint a bhféadfadh mortlaíocht máithreacha agus naíonán a bheith mar thoradh orthu;

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 i (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 i. á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go soláthraítear le cógas ginmhillte rogha mhalartach atá sábháilte agus nach bhfuil chomh hionrach céanna ar ghinmhilleadh máinliachta agus go bhfágann sé cúram ginmhillte agus breithe anabaí níos inrochtana do dhaoine aonair a bhfuil cónaí orthu i gceantair ina bhfuil sé deacair rochtain a fháil ar chúram ginmhillte máinliachta mar gheall ar bhacainní geografacha nó bacainní eile, agus go bhféadfadh rochtain thráthúil ar chógas ginmhillte sábháilte a cheadú freisin d'othair féinbhainistiú a dhéanamh ar ghinmhilleadh agus ar chúram breithe anabaí ina iomláine nó i bpáirt, rud a chuirfeadh cosc ar mhoilleanna ar chúram, rud a bhféadfadh rioscaí breise sláinte a bheith mar thoradh air;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 j (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6 j. á iarraidh ar an Aontas Eorpach an Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla[1a] a ghlacadh go pras agus a áirithiú go ráthóidh sé inrochtaineacht agus infhaighteacht cógas riachtanach sláinte gnéis agus atáirgthe ar liosta EDS de chógais bhunriachtanacha i gcónaí ar fud an Aontais Eorpaigh; ***á iarraidh ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach liosta an Aontais Eorpaigh de chógais leighis chriticiúla a thabhairt cothrom le dáta chun liosta iomlán na gcógas riachtanach sláinte gnéis agus atáirgthe a áireamh ar liosta EDS de chógais bhunriachtanacha, amhail frithghiniúint agus cógas ginmhillte; á iarraidh ar an Aontas Eorpach a áirithiú go ndéanfar cógais riachtanacha sláinte gnéis agus atáirgthe a áireamh go córasach mar chuid de chabhair dhaonnúil do thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach;***

[1a] ***COM(2025)0102.***

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chomhordaithe fheabhsaithe agus infheistíocht shuntasach chun clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, córais sláinte a neartú, rochtain chothrom ar chógais agus ar vacsaíní a áirithiú, cosc agus cóireáil galar a chur chun cinn, dul i ngleic le tosca comhshaoil atá ag dul in olcas agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí sa rochtain ar chúram agus seirbhísí ardcháilíochta, go háirithe do phobail agus réigiúin leochaileacha;	7. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chomhordaithe fheabhsaithe agus infheistíocht shuntasach chun clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, córais sláinte a neartú, rochtain chothrom ar chógais agus ar vacsaíní a áirithiú, cosc agus cóireáil galar a chur chun cinn, dul i ngleic le tosca comhshaoil atá ag dul in olcas, aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí sa rochtain ar chúram agus seirbhísí ardcháilíochta, go háirithe do dhaoine i staideanna leochaileacha, pobail agus réigiúin leochaileacha, lena n-áirítear mionlaigh, mná agus cailíní, agus daoine faoi mhíchumas; ***á chur i bhfios go láidir a***

	thábhachtaí atá sé rochtain ar an tsláinte a ráthú do chách mar cheart bunúsach; á chur i bhfáth gur gá tacú le rochtain ar chúram sláinte agus ar oideachas do chailíní i gcásanna éigeandála, do chailíní imirceacha, easáitithe ina dtír féin agus dídeanaithe agus dóibh siúd atá i ngéarchéimeanna daonnúla agus i gcásanna coinbhleachta;

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7a. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chomhordaithe fheabhsaithe agus infheistíocht shubstainteach chun clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, córais sláinte a neartú, rochtain chothrom ar chógais agus ar vacsaíní a áirithiú, cosc agus cóireáil galar a chur chun cinn, dul i ngleic le tosca comhshaoil atá ag dul in olcas, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mheabhairshláinte agus éagothromaíochtaí a laghdú maidir le rochtain ar chúram agus ar sheirbhísí ar ardchaighdeán, go háirithe do phobail agus do réigiúin leochaileacha;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
8. á iarraidh go n-áireofaí an ceart uilíoch chun comhshaoil fholláin sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go ndéanfaí creat atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chur i bhfeidhm;	8. á mheas gur toisc ríthábhachtach é comhshaoil fholláin chun an tsláinte a fheabhsú;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	8 a. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil tír amháin ar an mbóthar ceart chun comhionannas inscne a bhaint amach faoi 2030 agus gur éirigh beagnach 40 % de thíortha marbhánta nó fiú gur tharla laghdú iontu maidir le comhionannas inscne idir 2019 agus 2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil an fhrithfhreagairt sin i gcomhthráth leis an méadú ar threochtaí coimeádacha, frithghníomhacha agus frithbhanda a oibríonn i gcoinne chearta na mban ar fud an domhain; ag tabhairt rabhaidh, má thagann luas leis na treochtaí reatha i dtreo frithfhreagartha agus marbhántachta maidir le comhionannas inscne, go bhféadfadh neamhionannais dhomhanda inscne a bheith níos measa in 2030 ná mar a bhí nuair a comhaontaíodh na SFInna in 2015[1a];

[1a] ***Equal Measures 2030 Findings from the 2024 SDG Gender Index – A gender equal future in crisis? [Torthaí ó Innéacs Inscne SFI 2024 – Comhionannas Inscne sa Todhchaí i mbaol?], https://equalmeasures2030.org/wp-content/uploads/2024/09/EM2030_2024_SDG_Gender_Index_EN_digital.pdf.***

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	8 b. á chur i bhfáth cineál trasearnálach SFI 5 agus a thábhachtaí

	atá sé chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach; á thabhairt chun suntais go bhfuil baint amach an chomhionannais inscne ag teacht go díreach le gach SFI eile agus nach féidir na spriocanna sin a bhaint amach gan cearta na mban agus na gcailíní agus comhionannas inscne a chur chun cinn;

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
9. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht luathaithe agus spriocdhírithe chun deireadh a chur le gach cineál foréigin agus ciaptha in aghaidh ban, cailíní agus daoine LADTIA+, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, agus chun deireadh a chur le cleachtais dhíobhálacha amhail pósadh leanaí agus ciorrú ball giniúna ban;	9. ***á athdhearbhú gur réamhriachtanas fíor-riachtanach í sochaí gan foréigean inscnebhunaithe chun comhionannas inscne a bhaint amach;*** á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht luathaithe agus spriocdhírithe chun deireadh a chur le gach cineál foréigin agus ciaptha in aghaidh ban, cailíní agus daoine LADTIA+, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, chun deireadh a chur le cleachtais dhíobhálacha amhail pósadh leanaí agus pósadh éigeantais, a ndéantar 12 mhilliún cailín é a fhulaingt gach bliain[1a], ciorrú ball giniúna ban, ginmhilleadh de réir inscne agus chun úsáid foréigin inscnebhunaithe mar arm cogaidh a chomhrac; ***á mheas go bhfuil rannpháirtíocht shibhialta agus eagraíochtaí pobail na mban ar an leibhéal áitiúil bunriachtanach chun an aidhm sin a bhaint amach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú domhanda ar ionchúiseamh chosantóirí chearta an duine, go háirithe maidir leo siúd a chosnaíonn cearta na mban agus na mionlach;*** á chur in iúl gur cúis bhuartha di an ráta ard mortlaíochta máthartha i dtíortha ísealioncaim agus íseal-mheánioncaim;

[1a] ***UNICEF, Fast Facts: 10 facts illustrating why we must #EndChildMarriage 10 February 2019 [Fíricí gasta: 10 bhfíric a léiríonn an fáth nach mór dúinn #DeireadhachurlePósadhLeanaí, an 10 Feabhra 2019], https://www.unicef.org/press-releases/fast-facts-10-facts-illustrating-why-we-must-endchildmarriage***

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9 a. á chur i bhfáth go bhfuil éigniú fós ar cheann de na sáruithe is forleithne ar chearta an duine agus ag tathant go mbunófaí sainmhíniú comhchoiteann ar éigniú ar bhonn easpa toilithe;

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9 b. á chur in iúl gur oth léi an brú siar domhanda i gcoinne chearta na mban agus ag cáineadh aon ghníomhaí atá ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint ó éachtaí maidir le comhionannas inscne domhanda; á iarraidh ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit dlús a chur leis an gcomhrac ar son an chomhionannais inscne anois go bhfuil eagraíochtaí a thacaíonn le cearta an duine á ndíchistiú ag na Stáit Aontaithe;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 9 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9 c. á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht níos cinntithí chun dul i ngleic le méadú na fuathchainte frith-inscne ar líne agus leis na bagairtí méadaithe atá os comhair na mban i bpoist pholaitiúla, rud a fhágann gur lú líon na mban a théann i mbun oifige agus gur minic a chuirtear iallach ar mhná fágáil;

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
10. á iarraidh go leanfaí de chláir lena ndírítear ar chumhachtú na mban a chur chun cinn agus ar chur i gcoinne gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh an inscne ina cuspóir suntasach nó ina príomhchuspóir de 85 % de na gníomhaíochtaí seachtracha nua uile agus go ndéanfar 20 % den chúnamh forbartha oifigiúil i ngach tír a leithdháileadh ar chláir a bhfuil comhionannas inscne ar cheann de na príomhchuspóirí iontu;	10. á iarraidh go méadófaí cistiú do chláir lena ndírítear ar chomhionannas inscne a chur chun cinn, agus ar chur i gcoinne gach cineál foréigin inscnebhunaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar gné na hinscne a ionchorprú i ngach gníomhaíocht arna gcistiú ag an Aontas Eorpach agus go ndéanfar 85 % den chúnamh oifigiúil forbraíochta (COF) a chur ar fáil do thionscadail a ndéanann an inscne a ionchorprú mar chuspóir suntasach nó príomhchuspóir agus go ndéanfar 20 % den chúnamh forbartha oifigiúil i ngach tír a leithdháileadh ar chláir a bhfuil comhionannas inscne ar cheann de na príomhchuspóirí iontu; ***á iarraidh ar an gCoimisiún an dá sprioc sin a áireamh sa chéad CAI eile agus a áirithiú go ndéanfar príomhshruthú inscne agus cur chuige buiséadaithe inscne a ionchorprú i mbeartais, cláir agus buiséid uile an Aontais Eorpaigh;***

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 10 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 a. á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil SFI 5 ar cheann de na SFInna is lú a mhaoinítear; á cháineadh go bhfuil cistiú chearta na mban á chur ar gcúl san ord tosaíochta níos mó agus níos mó agus go bhfuil gluaiseachtaí pobail feimineacha agus eagraíochtaí um chearta na mban fós tearcmhaoinithe go sistéamach, agus níos lú ná 1 % de COF domhanda á fháil acu[1a]; ***á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú rialta, leormhaith agus inbhuanaithe a áirithiú do chláir agus d'eagraíochtaí Eorpacha atá ag obair ar son comhionannas inscne agus chearta na mban;***
	[1a] ***Achoimre beartais ODI, Where next for feminist foreign policy on funding feminist movements? [Cad é an chéad chéim eile maidir le beartas eachtrach feimineach ar ghluaiseachtaí feimineacha a mhaoiniú?], https://media.odi.org/documents/ODI-ET-FundingMovements-PB-EN-May24-Final.pdf***

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	***10 b. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an apartheid inscne atá á dhéanamh faoi láthair san Afganastáin; á thabhairt chun suntais gur diúltaíodh rochtain ar oideachas cheana féin do 2.2 milliún cailín san Afganastáin, agus go dtiocfaidh méadú ar an líon sin go 4 mhilliún; á iarraidh ar an gcomhphobal domhanda apartheid inscne san Afganastáin a cháineadh go láidir, agus gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun deireadh a chur le apartheid inscne**

agus iad siúd atá freagrach a thabhairt os comhair na cúirte;

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 c. á chur in iúl gur oth léi, ó seoladh Plean Gníomhaíochta III maidir le hInscne, nach raibh comhionannas inscne mar phríomhchuspóir ach ag 3.8 % de na gníomhaíochtaí inscne-fhreagrúla/spriocdhírithe uile, a thit chun deiridh ar an sprioc 5 % a leagtar amach i Rialachán NDICI[1a]; ***á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún líon ghníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh a bhfuil cur chun cinn an chomhionannais inscne mar phríomhchuspóir acu a mhéadú go suntasach agus an sprioc 5 % a bhaint amach; á iarraidh ar an Aontas Eorpach méadú a dhéanamh ar chistiú cistí iltaobhacha don chomhionannas inscne, amhail Mná na Náisiún Aontaithe, agus do shláinte ghnéis agus atáirgthe, amhail UNFPA agus an Ciste Domhanda chun SEIF, Eitinn agus Maláire a chomhrac;***

[1a] ***Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).***

Leasú 55

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
11. á iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí ar an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh, lena n-áirítear i ngeilleagar an chúraim, agus ar rannpháirtíocht chomhionann agus deiseanna ceannaireachta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a áirithiú;	11. á iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an bhearna phá agus phinsin idir na hinscní a dhúnadh agus chun infheistíochtaí i seirbhísí poiblí agus i mbonneagar sóisialta a mhéadú agus á iarraidh go dtabharfaí gealltanas dul chun cinn a dhéanamh i dtreo sochaithe cúraim; á iarraidh go ndéanfaí luacháil agus luach saothair níos cothroime a íoc ar obair in earnálacha ina bhfuil mná i bhfad níos líonmhaire, trédhearcacht pá, athchóirithe cosanta sóisialta agus cur chun cinn post ardcháilíochta atá saor ó ghnéaschiapadh agus ó fhoréigean inscnebhunaithe; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí chun rannpháirtíocht chomhionann agus deiseanna ceannaireachta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a áirithiú trí ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn i bpoist freagrachta agus cinnteoireachta agus tríd an ngnéasachas a chomhrac i réimsí poiblí agus príobháideacha;

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 a. á chur i bhfáth gur gá rochtain chomhionann ar oideachas agus ar litearthacht airgeadais do mhná agus do chailíní a chur chun cinn, go háirithe dóibh siúd ó ghrúpaí imeallaithe agus a ndéanann idirdhealú difear dóibh; á thabhairt chun suntais nach mór é a bheith d'aidhm ag na beartais sin

	comhionannas deiseanna a chothú, agus deiseanna na mban agus na gcailíní a mhéadú maidir le fostaíocht chobhsaí, dea-íoctha agus tairbheach a fháil lena ráthaítear a neamhspleáchas airgeadais; á iarraidh go dtabharfaí rochtain níos fearr do mhná agus do chailíní ar uirlisí digiteacha agus ar oiliúint dhigiteach agus chun cláir agus cistiú do mhná agus do chailíní a dhreasú san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM) agus i staidéir agus gníomhaíochtaí fiontraíochta;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 b. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá treochlár an Choimisiúin um Chearta na mBan chun tiomantas an Aontais Eorpaigh don chomhionannas inscne a athdhearbhú agus chun an straitéis nua um chomhionannas inscne a mhúnlú, a fhoilseofar in 2026; á iarraidh go mbeadh na Ballstáit níos rannpháirtí agus go mbeadh cur chuige cuimsitheach ann lena dtabharfaí aghaidh ar sheirbhísí gnéis agus atáirgthe, ar leithcheal trasnach agus ar mhná leochaileacha a chosaint;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 c. á iarraidh go n-áireofaí an ceart uilíoch chun rochtain a fháil ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go ndéanfaí creat atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chur i

bhfeidhm;

Leasú 59

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 d. á athdhearbhú gur cearta bunúsacha an duine iad SRHR, agus gur gné bhunúsach de dhínit an duine é iad a fhíorú agus gur réamhriachtanas é sin chun comhionannas inscne a bhaint amach; á mheabhrú go bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena gcearta gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean;

Leasú 60

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 e. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá rochtain ar shonraí iontaofa atá bunaithe ar bhunsraitheanna láidre staidrimh agus ar rannpháirtíocht na saoránach mar uirlis chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; á mheas go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun éagothromaíochtaí idir tíortha agus réigiúin a shainaithint, beartais a cheapadh agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscnamh domhanda maidir le comhionannas inscne;

Leasú 61

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 f. á iarraidh go dtabharfaí spreagadh níos láidre do cheart gach mná cothromaíocht a bhaint amach idir a saol gairmiúil agus a saol príobháideach trí fhreagracht chomhpháirteach agus dálaí oibre a chur chun cinn lena n-éascaítear comhréiteach idir an saol príobháideach, saol an teaghlaigh agus an saol oibre;

Leasú 62

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 g. á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil SRHR á rolladh siar go leanúnach agus go bhfuil ionsaithe á ndéanamh ar chosantóirí SRHR san Eoraip agus ar fud an domhain; á iarraidh go ndéanfaí iarracht láidir Eorpach chun ár luachanna bunúsacha a chosaint amhail comhchearta ar neamhspleáchas coirp agus go mbeadh beartais níos láidre ann chun rochtain uilíoch ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe a ráthú do mhná agus do chailíní uile, lena n-áirítear faisnéis faoi phleanáil clainne, frithghiniúint inacmhainne, ginmhilleadh saor, sábháilte agus dlíthiúil, agus cúram sláinte máthartha;

Leasú 63

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 h. á iarraidh go mbeadh beartais agus gníomhaíochtaí níos láidre ann

	chun rochtain ar thalamh, ar chreidmheas, ar fhiontraíocht agus ar oideachas a chur chun cinn, chomh maith le fostaíocht agus sláinte, go háirithe do mhná agus do chailíní i gcúinsí leochaileachta, do mhná faoi mhíchumas, do mhná torracha agus do mhná i gceantair thuaithe agus oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí;

Leasú 64

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 i (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 i. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear oideachas éigeantach cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh atá fianaise-bhunaithe ar fáil i mbunscoileanna agus i meánscoileanna, chun foréigean inscnebhunaithe agus steiréitíopáil inscne a chomhrac; á chur i bhfios go láidir go dtagann torthaí iontacha ar infheistíocht in oideachas cailíní do na glúnta atá le teacht, rud a rannchuidíonn go díreach lena gcearta bunúsacha a bhaint amach agus le cosaint ar gach cineál foréigin, ach a rannchuidíonn freisin le folláine níos fearr do shochaithe iomlána; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún treoirlínte AE a chur ar aghaidh maidir le hoideachas gnéasachta cuimsitheach agus fianaise-bhunaithe, bunaithe ar chaighdeáin EDS agus comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit sa réimse sin a chur chun cinn;

Leasú 65

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 j (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

11 j. ag tathant ar an gCoimisiún stop a chur le cistiú gluaiseachtaí laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach a rannchuidíonn le haon chineál cos ar bolg ar mhná, lena n-áirítear feachtasaíocht i gcoinne cearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta na mban agus SRHR;

Leasú 66

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 k (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 k. á chur in iúl gur oth léi cúlchéimniú chearta LGBTIQ+ agus an trasfóibe a chuireann comhionannas inscne i mbaol; ag cáineadh an fhíorais nár thuairiscigh ach trí eagraíocht frith-LADTIA+ USD 1 bhilliún in ioncam idir 2021 agus 2022 i gcomparáid le 8000 deontaí domhanda LADTIA+ a fuair USD 905 mhilliún eatarthu[1a]; ***ag tabhairt rabhadh faoin méadú ar mhaoiniú frith-inscne, ar ábhar imní é, arb é is aidhm dó gníomhú in aghaidh éachtaí forásacha chearta na mban agus LADTIA+ le blianta beaga anuas;***

[1a] ***Achoimre beartais ODI, Where next for feminist foreign policy on funding feminist movements? [Cad é an chéad chéim eile maidir le beartas eachtrach feimineach ar ghluaiseachtaí feimineacha a mhaoiniú?], https://media.odi.org/documents/ODI-ET-FundingMovements-PB-EN-May24-Final.pdf***

Leasú 67

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 l (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 l. á iarraidh ar an Aontas Eorpach toirmeasc a chur ar ionaid tiontúcháin sna Ballstáit agus aon rud is féidir a dhéanamh chun an cleachtas sin a chosc i ngach áit;

Leasú 68

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 m (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 m. á iarraidh ar an Aontas Eorpach sprioc chistiúcháin shonrach a bhunú chun tacú le cearta na mban agus le heagraíochtaí LADTIA+, gluaiseachtaí feimineacha agus cosantóirí chearta an duine san Eoraip agus ar fud an domhain; á chur i bhfáth gur gá sásra cosanta a bhunú do chosantóirí chearta an duine san Aontas Eorpach, ag díriú go háirithe ar mhná, ar dhaoine LADTIA+ agus ar chosantóirí chearta SRHR an duine;

Leasú 69

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	12 a. ag tabhairt dá haire gur cheart, leis na hiarrachtaí chun na SFInna a bhaint amach, béim a leagan ar bheartais lena gcothaítear nuálaíocht, fiontraíocht agus cruthú post glas, rud a spreagfaidh baint amach níos leithne na SFInna agus an chomhionannais inscne ar deireadh;

Leasú 70

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. á iarraidh go nglacfaí beartais níos láidre agus go ndéanfaí gníomhaíochtaí misniúla chun forbairt eacnamaíoch chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn; ag tathant ar AE agus ar na comhpháirtithe domhanda ionstraimí amhail Global Gateway a úsáid chun poist chuibhiúla a chruthú lena laghdófar neamhionannas ioncaim agus lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár;	13. á iarraidh go nglacfaí beartais níos láidre agus go ndéanfaí gníomhaíochtaí misniúla chun forbairt eacnamaíoch chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn; ag tathant ar AE agus ar na comhpháirtithe domhanda ionstraimí amhail Global Gateway a úsáid chun poist chuibhiúla a chruthú lena laghdófar neamhionannas ioncaim agus lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár; ***á iarraidh go ndéanfaí iarracht chun éisteacht le guthanna na ndaoine sin ar mó an seans go bhfágfar ar lár iad agus go dtabharfar tús áite don chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus dálaí oibre forbhásacha, agus béim ar leith á leagan ar mhná atá thíos le cineálacha trasnacha idirdhealaithe;***

Leasú 71

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 a. á chur i bhfáth gur ualach atá fós ar mhná amháin atá i gceist le formhór na hoibre cúraim gan íocaíocht agus go bhfuil iarmhairtí diúltacha aige sin ar an mbearna inscne cheirde, ar neamhspleáchas eacnamaíoch agus ar fholláine na sochaí; á iarraidh ar an Aontas Eorpach bearta sonracha a fhorbairt chun aitheantas a thabhairt d'obair chúraim agus chun seirbhísí leormhaithe leasa phoiblí a chur ar fáil chun tacú léi;

Leasú 72

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
14. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil an fás eacnamaíoch i roinnt mhaith tíortha atá i mbéal forbartha fós mall agus míchothrom, agus gur minic laigí struchtúracha, éagothromaíochtaí eacnamaíocha, éagobhsaíocht pholaitiúil agus suaití seachtracha ina mbac air;	14. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil an fás eacnamaíoch i roinnt mhaith tíortha atá i mbéal forbartha fós mall agus míchothrom, agus gur minic a bhíonn laigí struchtúracha, éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus inscne, éagobhsaíocht pholaitiúil, suaití seachtracha agus cur isteach eachtrach ina mbac air;

Leasú 73

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	14 a. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil neamhionannais inscne san Aontas Eorpach fós ag méadú i ndáil le margadh an tsaothair; á mheabhrú gur gá seasamh le príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne agus iad a neartú i mbeartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní;

Leasú 74

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
15. á mholadh go ndéanfaí breis infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde, san oideachas agus i bhforbairt scileanna;	15. á mholadh go ndéanfaí breis infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde, san oideachas agus i bhforbairt scileanna; ***á iarraidh ar an Aontas borradh a chur faoin oiliúint agus faoin bhfostaíocht ardcháilíochta don aistriú cóir, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí a eisiatar go córasach agus atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear mná agus pobal LADTIA+;***

Leasú 75

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
16. á chur i bhfáth nach féidir dul i mbun tionscnaimh atá dírithe ar fhás eacnamaíoch a chothú, nach féidir dul ina mbun sin chun aimhleasa an cheartais shóisialta, ceart saothair ná chosaint an chomhshaoil;	16. á chur i bhfáth nach féidir dul i mbun tionscnaimh atá dírithe ar fhás eacnamaíoch a chothú chun aimhleasa an cheartais shóisialta, an chomhionannas inscne, ceart saothair ná chosaint an chomhshaoil, go háirithe ós rud é gurb iad mná agus daoine ó ghrúpaí mionlaigh na chéad daoine a fhulaingíonn neamhionannais arna nginiúint ag fás eacnamaíoch;

Leasú 76

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16 a. á chur i bhfáth go bhfuil bearnaí fós ann sa dífhostaíocht dhomhanda do mhná agus do dhaoine óga, agus, ar fud an domhain, go bhfuil níos mó ná dhá oiread seans ann nach mbeidh mná óga i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) ná fir óga; á aithint gur féidir rathúnas a mhéadú agus feabhas a chur ar an iomaíochas eacnamaíoch trí chomhionannas inscne a chur chun cinn san oideachas, san oiliúint, i margadh an tsaothair agus i mbeartais maidir le cothromaíocht oibre is saoil, agus tearcúsáid sócmhainní agus tallainne á seachaint ag an am céanna;

Leasú 77

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	16 b. á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach dreasachtaí a chruthú do ghnólachtaí chun a n-oibríochtaí a ailíniú leis na SFInna, agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh an margadh de bheith iomaíoch agus in ann nuálaíocht a spreagadh san fhorbairt inbhuanaithe do mhná agus do chailíní;

Leasú 78

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17 a. á chur i bhfáth go bhfuil tionchar díréireach ag díghrádú an chomhshaoil, go háirithe truailliú plaisteach, ar mhná agus ar chailíní; á iarraidh go mbeadh acmhainní méadaithe ann le haghaidh taighde ar éifeachtaí an truaillithe (mhicrea)phlaistigh ar an gcóras hormónach baineann agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar thorthúlacht;

Leasú 79

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
19. á chreidiúint go bhfuil géarghá le bearta domhanda ceangailteacha chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh, chun dlús a chur le gníomhaíochtaí agus chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-aigéan a áirithiú, lena n-áirítear trí chleachtais iascaireachta inbhuanaithe, trí iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, trí threisiú leis na hiarrachtaí ar na haigéin a chaomhnú agus trí chonradh domhanda maidir le truailliú plaisteach a ghlacadh;	19. á chreidiúint go bhfuil géarghá le bearta domhanda ceangailteacha chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh, chun dlús a chur le gníomhaíochtaí agus chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-aigéan a áirithiú, lena n-áirítear trí chleachtais iascaireachta inbhuanaithe, trí iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, trí threisiú leis na hiarrachtaí ar na haigéin a chaomhnú trí limistéir mhuirí faoi chosaint a chosaint go héifeachtach, trí chonradh domhanda maidir le truailliú plaisteach a ghlacadh agus cearta iascairí ar mionscála agus rochtain ar acmhainní agus ar mhargaí

iascaireachta a chosaint, lena n-áiritheofar go mbeidh mná agus fir in iascaigh ar mionscála rannpháirteach go cothrom agus go héifeachtach sna cinntí a dhéanann difear dóibh;

Leasú 80

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19 a. á chur i bhfáth gur gá, go sonrach, aitheantas a thabhairt d'obair agus rannchuidiú na mban i slabhra luacha an iascaigh ar mionscála agus feabhas a chur ar a ndálaí oibre;

Leasú 81

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19 b. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá feabhas a chur ar chomhionannas inscne i rialachas na n-aigéan, i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha (amhail turasóireacht, iompar muirí nó iascach) agus in eolaíocht na n-aigéan[1a];
	[1a] ***UNESCO, Gender Equality for Ocean Sustainability [Comhionannas Inscne ar mhaithe le hInbhuanaitheacht na nAigéan], https://www.unesco.org/en/articles/gender-equality-ocean-sustainability.***

Leasú 82

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
20. á iarraidh ar AE leanúint de bheith ag tacú leis an iltaobhachas agus ceannaireacht dhomhanda a léiriú i ndáil le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Chlár Oibre 2030 a chur chun cinn; á chur i bhfáth gurb amhlaidh, trína rá go bhfuiltear meáite i gcónaí ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, a thabharfar comhartha soiléir do chomhpháirtithe ar fud an domhain agus a thacófar le gníomhaíocht dhomhanda an Aontais;	20. á iarraidh ar AE leanúint de bheith ag tacú leis an iltaobhachas agus ceannaireacht dhomhanda a léiriú i ndáil le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Chlár Oibre 2030 a chur chun cinn; á chur i bhfáth gurb amhlaidh, trína rá go bhfuiltear meáite i gcónaí ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, go dtabharfar comhartha soiléir do chomhpháirtithe ar fud an domhain agus go dtacófar le gníomhaíocht dhomhanda an Aontais Eorpaigh; ***á chur i bhfáth nach mór bearta nithiúla ón Aontas Eorpach a bheith ag gabháil leis an ath-ghealltanas sin ó bhéal agus nach mór dó a áirithiú go mbeidh comhionannas inscne ina dhlúthchuid den idirphlé polaitiúil le tíortha comhpháirtíochta ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach;***

Leasú 83

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
21. á athdhearbhú gur foinse ríthábhachtach maoinithe phoiblí i gcónaí é Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA); á iarraidh, dá bhrí sin, ar Bhallstáit uile AE agus ar na comhpháirtithe domhanda a áirithiú go mbeidh maoiniú leordhóthanach tiomnaithe don ghealltanas a rinneadh 0.7 % den ollioncam náisiúnta a chaitheamh ar ODA a chomhlíonadh;	21. á athdhearbhú nach mbainfear amach na SFInna ach amháin má chistítear iad ar bhealach leordhóthanach agus inbhuanaithe agus gur foinse ríthábhachtach maoinithe phoiblí i gcónaí é Cúnamh Oifigiúil Forbraíochta (COF); á iarraidh, dá bhrí sin, ar Bhallstáit uile AE agus ar na comhpháirtithe domhanda a áirithiú go mbeidh maoiniú leordhóthanach tiomnaithe don ghealltanas 0.7 % den ollioncam náisiúnta a chaitheamh ar COF a chomhlíonadh***, agus ag an am céanna nach bhfuil ach 4 as 21 Bhallstát atá ina mbaill den Choiste um Chúnamh um Fhorbairt ag cloí leis an ngealltanas idirnáisiúnta seo***;

Leasú 84

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
22. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí agus ar rannpháirtíocht rialtas áitiúil, na sochaí sibhialta agus ionadaithe don óige;	22. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí agus ar rannpháirtíocht rialtas áitiúil, na sochaí sibhialta agus ionadaithe don óige; ***á athdhearbhú gur príomhghníomhaithe iad eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna) i ndaonlathais bhríomhara agus á thabhairt chun suntais nach féidir SFInna, go háirithe SFI 5, a bhaint amach gan comhpháirtíocht ESSanna, lena n-áirítear eagraíochtaí pobail na mban agus LADTIA+; á chur in iúl gur saoth léi, ina leith sin, na hionsaithe méadaitheacha gan údar ar eagraíochtaí sochaí sibhialta agus dúnadh spásanna sibhialta, san Eoraip agus ar fud an domhain araon; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur gá cistiú rialta, leormhaith agus inbhuanaithe a áirithiú d'eagraíochtaí sochaí sibhialta agus idirphlé oscailte, trédhearcach agus struchtúrtha a choinneáil le heagraíochtaí sochaí sibhialta;***

Leasú 85

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
23. á iarraidh go fiachas tíortha atá i mbéal forbartha a mhaolú agus a athstruchtúrú agus go ndéanfaí athchóirithe ar institiúidí airgeadais domhanda, lena n-áirítear bainc forbartha iltaobhacha, chun go mbeidh siad in inmhe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme;	23. á iarraidh go ndéanfaí fiachas tíortha atá i mbéal forbartha a mhaolú agus a athstruchtúrú agus go ndéanfaí athchóirithe ar institiúidí airgeadais domhanda, lena n-áirítear bainc forbartha iltaobhacha, chun go mbeidh siad in inmhe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme agus chun neamhionannais eacnamaíocha, shóisialta agus inscne a laghdú; á iarraidh go n-áireofaí gné inscne níos láidre i ndoiciméad

	toraidh an Cheathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta;

Leasú 86

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
26. á athdhearbhú gurb iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an t-aon sraith chuimsitheach spriocanna, a comhaontaíodh ar fud an domhain, ar na mórdhúshláin atá le sárú ag tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha araon agus go bhfuil siar ar an uirlis is fearr chun dul i ngleic le bunchúiseanna na mórdhúshlán úd;	26. á athdhearbhú gurb iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an t-aon sraith chuimsitheach spriocanna, a comhaontaíodh ar fud an domhain, ar na mórdhúshláin atá le sárú ag tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha araon agus go bhfuil siar ar an uirlis is fearr chun dul i ngleic le bunchúiseanna na mórdhúshlán úd; ***ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i dtreo chur chun feidhme iomlán na SFInna, laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach araon, mar chreat uilíoch;***

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí aon ionchur ó eintiteas ná ó dhuine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	20.5.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+ : 17 - : 11 0 : 8
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mathilde Androuët, Mireia Borrás Pabón, Irmhild Boßdorf, Mélissa Camara, Margarita de la Pisa Carrión, Valérie Devaux, Elisabeth Dieringer, Rosa Estaràs Ferragut, Viktória Ferenc, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Chiara Gemma, Gabriella Gerzsenyi, Arba Kokalari, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Irene Montero, Maria Noichl, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Joanna Scheuring-Wielgus, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Marko Vešligaj, Dainius Žalimas
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Loucas Fourlas, Kathleen Funchion, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Hanna Gedin, Katrin Langensiepen, Jagna Marczułajtis-Walczak, Beatrice Timgren, Jana Toom
Feisirí dá dtagraítear i Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Georgios Aftias, Niels Geuking

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

17	+
PPE	Kokalari Arba, Pietikäinen Sirpa
Renew	Devaux Valérie, García Hermida-Van Der Walle Raquel, Toom Jana, Zalimas Dainius
S&D	Fritzon Heléne, Gálvez Lina, Noichl Maria, Scheuring-Wielgus Joanna, Vesligaj Marko
The Left	Funchion Kathleen, Gedin Hanna, Montero Irene
Verts/ALE	Camara Mélissa, Langensiepen Katrin, Scuderi Benedetta

11	-
ECR	Gemma Chiara, Timgren Beatrice, Trochu Laurence
ESN	Boßdorf Irmhild
NI	Lassáková Judita
PfE	Androuët Mathilde, Borrás Pabón Mireia, Dieringer Elisabeth, Ferenc Viktória, Kruis Sebastian, de la Pisa Carrión Margarita

8	0
PPE	Aftias Georgios, Estaràs Ferragut Rosa, Fourlas Loucas, Gerzsenyi Gabriella, Geuking Niels, Marczulajtis-Walczak Jagna, Meleti Eleonora, Princi Giusi

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : in aghaidh
0 : staonadh